Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022

# Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

Treoirlínte

**Gníomh Cruthaitheach don Aeráid**
Treoirlínte

# Ár lógó

I lógó Gníomh Cruthaitheach don Aeráid, mínítear go soiléir dár bpríomh-spriocphobal cé muid agus céard a dhéanaimid. Tá sé tábhachtach go n-úsáidfear é go seasta — seo roinnt treoracha maidir leis an mbealach is fearr leis sin a dhéanamh.

Gníomh
Cruthaitheach
don Aeráid

# An lógó a úsáid

Bíonn ár lógó dubh, bán nó ar dhath an óir.

Bíonn ár gcuid oibre agus na híomhánna a bhaineann léi lán le spleodar agus dathanna — coinnímid ár bhféiniúlacht simplí le go mbeidh an t-ábhar lena dtacaítear le feiceáil go soiléir.

Is féidir ár lógó a aisiompú as cúlraí datha aonair.

Bí mothálach ar na dathanna a roghnaíonn tú, le do thoil, le cumarsáid shoiléir agus sheasta a chinntiú.

Féach ar an gcuid den treoir seo ina bpléitear dathanna chun teacht ar thuilleadh sonraí.

Gníomh
Cruthaitheach
don Aeráid

Gníomh
Cruthaitheach
don Aeráid

Gníomh
Cruthaitheach
don Aeráid

# Spás glan

Déan iarracht spás sábháilte a choinneáil timpeall ár lógó agus é á úsáid agat.

Cinnteoidh spás glan go mbeidh an íomhá soiléir agus feiceálach.

Ba cheart go mbeadh an spás seo saor ó rudaí eile i gcónaí. Is ionann an spás glan íosta ar gach taobh agus airde na litreach 'C' mar a léirítear.



# Íosmhéid

Ba chóir cloí le híosmhéid lena chinntiú gur féidir an lógó a léamh go soiléir i gcónaí i bhformáidí digiteacha agus priontála.



# Mí-úsáid

Tá sé simplí ár lógó a úsáid. Ná húsáid ach an obair ealaíne arna soláthar agus lean ár dtreoir shimplí.

Seo roinnt samplaí de rudaí nár cheart a dhéanamh.

Ná cuir imlínte leis

Ná cuir éifeachtaí speisialta leis

Ná hathdhathaigh é

Ná cuir é ar sceabha ná as a riocht

# Lógónna Comhpháirtithe

Níl ár n-eagraíocht ina haonar. Mar sin, beidh ár lógó le feiceáil go minic in éineacht le cinn eile.

Agus é á úsáid i gcomhthéacs rialtais, tá sé tábhachtach go mbeidh na lógónna nasctha ann mar a thaispeántar anseo.

Tá Gníomh Cruthaitheach don Aeráid mar dhlúthchuid den tionscnamh Éire Ildánach; mar sin, ba chóir go mbeadh lógó Éire Ildánach le feiceáil go soiléir áit ar bith a n-úsáidtear ár lógó féin.

# Dath

Tá an dath mar ghné lárnach dár bhféiniúlacht amhairc.

Is iad dath an óir, dubh agus bán is mó á úsáidtear in éineacht leis an íomhá agus tá sé seo chun tosaigh i bhféiniúlacht Gníomh Cruthaitheach don Aeráid.

Is féidir dathanna eile a chur leis ach ba chóir é seo a dhéanamh go spárálach, laistigh de na paraiméadair a leagtar síos sna treoirlínte seo, agus dearthóir gairmiúil a úsáid más féidir.

Níor chóir ach dath an óir, dubh agus bán a bheith ann agus féiniúlacht Gníomh Cruthaitheach don Aeráid á húsáid go seachtrach in am ar bith.

## Pantone 871

### C0 M17 Y55 K50

**R179 G158 B106**

**#B39E6A**

## Dubh

### C0 M0 Y0 K100

**R0 G0 B0**

**#000000**

## Bán

### C0 M0 Y0 K0

**R255 G255 B255**

**#FFFFFF**

# Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

# Clóghrafaiocht

Clóghrafaiocht

# Clófhoireann Taispeána

## Sparose

Is é Sparose ár gclófhoireann taispeána agus ba chóir é a úsáid go spárálach.

Níor cheart é a úsáid ach le haghaidh ceannlínte gairide (aon fhocal amháin nó dhá fhocal) atá mór.

Agus é á úsáid, ba chóir caitheamh leis mar phríomhíomhá nó in ionad príomhíomhá.

Clófhoireann lámhscríofa is ea Sparose agus dearadh é go sonrach chun uigeacht a fháil agus le go mbeadh nasclitreacha agus goic álainn ann freisin.

Cuireann an ton lom seo pearsantacht chuí lenár gclóghrafaíocht taispeána agus cheannlíne.

Chun cóip den chló-aghaidh seo a cheannach, tabhair cuairt ar an seoladh thíos le do thoil:

www.myfonts.com/fonts/dhanstudio/sparose/

Sparose

Abcdefghijklmn
opqrstuvwxyz
1234567890-
Áéíóú

# Príomh-Chlófhoireann

## 01 Founders Grotesk

Is é Founders Grotesk ár bpríomh-chlófhoireann féiniúlachta. Is féidir é a úsáid i bhformhór mór ár gcumarsáide téacs. Ba chóir é a úsáid formhór an ama nuair atá sé ar fáil agus Sparose a úsáid go spárálach chun béim a chur air.

Cónascadh comhaimseartha is ea é de grotesks clasaiceach agus is é ár bpríomh-chló-aghaidh i gcumarsáid in éineacht le Sparose.

Chun cóip den chló-aghaidh seo a cheannach, tabhair cuairt ar an seoladh thíos le do thoil:

klim.co.nz/retail-fonts/founders-grotesk/

## 02 Arial – Úsáid oifige

Tá cló-aghaidh Arial ar cheann de na cló-aghaidheanna is mó úsáid le 30 bliain anuas.

Réamhshuiteáiltear é seo ar gach ríomhaire agus ba chóir é a úsáid mar réamhshocrú le haghaidh gach cáipéise, litreach, ríomhphoist, cur i láthair, etc. Níor chóir ach Founders Grostesk a úsáid ina ionad nuair is féidir agus is cuí.

01

AaBbCc

Light Regular Medium Semibold Bold

Accuptaeris sero venda qui oditltae volum verrum autempore non nos qui doluptatur? Pit, quatem quo blatur? Pieni tet lam nis nimus con core res esequunt ligniatet, ut doluptas im que cume ne placear cipitius, ape officil luptatent et inctusantias

Light

**Us int as consecustis autet et arum que voluptiam quuntur aute et rero te non et quiate elit atiaesto dit plab idelibusae preheni tatatur, omnis dolendunt rem ut pe placepeles re pliquate por atessi ut abo. Nam volut aut odiorep edionse**

Bold

02

Lut quia plame sitio odi voluptate eseriam, omnim quiaspel iunti optatur? Qui con necab illia ento et et quamusc iuntinctur rehendi bearum et facepudi blam dus, cus sersperum quiatem de mi, sum est quidunt eosa volumet la perorem apereriore nonet reptae. Por aliatat urepudae remque providuntius

Regular

**Agnis eatatem fugiate sum quatatem ducit, utessumque si comnihil maxim venempel molesequidis simpost, conse paritas nes quam, ut veribea aped quos que vendes que sed elluptae dit molecatium conseque nonseque porem quis deribercit, temo cusam, ipsanti beaquide nobis ex**

Bold

# Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

# Beochaintí

Animations

# Animations

## Úsáidtear 3 phríomhfhíseán dár mbeochan lógó.

## Is iad siúd:

## 1 Intreoir an Fhíseáin

Ba chóir í seo a úsáid ag tús aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid.

## 2 Críoch an Fhíseáin

Ba chóir í seo a úsáid ag deireadh aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid.

## 3 Críoch an Fhíseáin ina bhfuil lógónna Rialtais


Ba chóir í seo a úsáid ag deireadh aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid ina bhfuil nasc soiléir le clár nó maoiniú Rialtais.

# An Físeán Intreorach a Úsáid

Ba chóir é seo a úsáid ag tús aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid.
Tá 3 leagan datha ar fáil lena n-úsáid inár 3 bhundath (féach an chuid de na treoirlínte ina bpléitear dathanna).

Ba chóir go mbeadh an lógó le feiceáil go seasta ó thaobh scála agus suímh de nuair a úsáidtear é mar theidealchárta i bhfíseán.

Má tá leagan trédhearcach den bheochan lógó uait, lean na sonraí teagmhála ag deireadh na dtreoirlínte seo — mar ní mór é seo a iarraidh go sonrach sula gcruthóidh Detail. Design Studio é.




# An Físeán Críche a Úsáid

Ba chóir é seo a úsáid ag deireadh aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid. Tá 3 leagan datha ar fáil lena n-úsáid inár 3 bhundath (féach an chuid de na treoirlínte ina bpléitear dathanna).

Ba chóir go mbeadh an lógó le feiceáil go seasta ó thaobh scála agus suímh de nuair a úsáidtear é mar theidealchárta i bhfíseán.

Má tá leagan trédhearcach den bheochan lógó uait, lean na sonraí teagmhála ag deireadh na dtreoirlínte seo — mar ní mór é seo a iarraidh go sonrach sula gcruthóidh Detail. Design Studio é.




# An Físeán Críche ina bhfuil Lógónna Comhpháirtithe Rialtais a Úsáid

Ba chóir é seo a úsáid ag deireadh aon fhíseáin de chuid Gníomh Cruthaitheach don Aeráid ina bhfuil nasc soiléir le clár nó maoiniú Rialtais.

Tá 3 leagan datha ar fáil lena n-úsáid inár 3 bhundath (féach an chuid de na treoirlínte ina bpléitear dathanna).

Ba chóir go mbeadh an lógó le feiceáil go seasta ó thaobh scála agus suímh de nuair a úsáidtear é mar theidealchárta i bhfíseán.

Má tá leagan trédhearcach den bheochan lógó uait, lean na sonraí teagmhála ag deireadh na dtreoirlínte seo — mar ní mór é seo a iarraidh go sonrach sula gcruthóidh Detail. Design Studio é.






# Glór

### Buíochas le háireamh i bpreasráitis le haghaidh Gníomh Cruthaitheach don Aeráid

Tá *AINM AN TIONSCADAIL CHRUTHAITHIGH* ina fhaighteoir de chuid chiste tionscnaimh Gníomh Cruthaitheach don Aeráid, tionscnamh de chuid Chlár Éire Ildánach i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina dtacaítear le tionscadail chruthaitheacha, chultúrtha agus ealaíne lena bhforbraítear feasacht ar an athrú aeráide agus lena gcumasaítear saoránaigh chun athruithe fiúntacha a dhéanamh ina n-iompraíocht.

### Nótaí Eagarthóireachta

Tá ciste Gníomh Cruthaitheach don Aeráid ina thionscnamh de chuid Chlár Éire Ildánach i gcomhar leis an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide ina dtacaítear le tionscadail chruthaitheacha, chultúrtha agus ealaíne lena bhforbraítear feasacht ar an athrú aeráide agus lena gcumasaítear saoránaigh chun athruithe fiúntacha a dhéanamh ina n-iompraíocht.

Sheol an tAire Catherine Martin agus an tAire Eamonn Ryan an ciste €2 mhilliún ar an 31 Márta 2021. Lorgaíodh tionscadail chomhoibríocha ina gcruthófaí ceangal fiúntach idir daoine agus na hathruithe troma atá ag tarlú sa chomhshaol, sa tsochaí agus sa gheilleagar mar gheall ar an athrú aeráide, ag baint úsáid as cuir chuige chultúrtha agus ealaíne chun naisc le gníomhú ar son na haeráide agus feasacht air a chlaochlú.

Tá sé mar chuid de Chlár an Rialtais; *“Support Creative Ireland in its ‘Engaging the Public on Climate Change through the Cultural and Creative Sectors’ initiative”* (lch 88).

### Clár Éire Ildánach

Clár cúig bliana ina gcruthaítear ceangail idir daoine, cruthaitheacht agus folláine is ea Éire Ildánach. Is clár cultúir agus folláine uilerialtais muid ina n-úsáidtear an chruthaitheacht chun daoine, áiteanna agus pobail a spreagadh agus a athrú.

Táimid tiomanta don fhís go mbeadh an deis ag gach duine in Éirinn barr a c(h)umais a bhaint amach ó thaobh na cruthaitheachta de.

### Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide, an Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide

Beidh na tionscadail cómhaoinithe trí €1 mhilliún ón gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide.

Bunaíodh an Ciste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar bhonn reachtúil in 2020 chun tacaíocht a chur ar fáil do thionscadail, tionscnaimh agus taighde atá mar chuidiú le spriocanna aeráide agus fuinnimh na hÉireann a bhaint amach, agus do thionscadail agus tionscnaimh i réigiúin den Stát, agus laistigh d’earnálacha den gheilleagar ar a bhfuil tionchar ag an aistriú go geilleagar ísealcharbóin. Cuirtear acmhainní ar fáil don Chiste ó fháltais ón tobhach arna íoc leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta (NORA) i dtaca le diúscairt chuí táirgí peitriliam, tar éis do riachtanais mhaoiniúchán NORA a bheith bainte amach.

Tá tuilleadh eolais maidir leis an gCiste um Ghníomhú ar son na hAeráide ar fáil ag an nasc seo a leanas:
**gov.ie/ga/foilsiuchan/de5d3-climate-action-fund**

# Chun teacht ar thuilleadh eolais nó sócmhainní branda, déan teagmháil le:

**An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán**
The Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

**Áras an tSeoighigh, 8-11 Sráid Lombard Thoir, Baile Átha Cliath 2.**
Joyce House, 8-11 Lombard Street East, Dublin 2.

creativeireland.gov.ie

## CommsCreativeIreland@tcagsm.gov.ie
## +353 (0) 876 801 443